

# COMHAIRLE CONTAE LÚ



Fodhlíthe um Dhramhaíl Madraí agus Rialú  
Madraí  
2015

De bhrí go bhfuil Comhairle Contae Lú den tuairim go bhfuil sé inmhianaithe ar mhaithe le leas an phobail rialú madraí agus bailiú dramhaíl madraí a rialú nó a rialáil nó gur chóir an núis a ghabhann leo a rialú nó a chur faoi chois, i bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dóibh faoi Chuid 19 den Acht Rialtais Áitiúil 2001 agus i bhfeidhmiú gach cumhachta eile sa mhéad sin a chumasaíonn dóibh, déanann sí leis seo na fodhlíthe seo a leanas.

- |                       |    |   |
|-----------------------|----|---|
| <i>Gearrtheideal</i>  | 1. | Is féidir Fodhlíthe Dramhaíola Madraí & Rialú Madraí 2015 Chomhairle Contae Lú a thabhairt orthu seo.   |
| <i>Tús Feidhme</i>    | 2. | Tiocfaidh na fodhlíthe seo i bhfeidhm an <b>16 Márta 2016</b> .   |
| <i>Réimse Feidhme</i> | 3. | Beidh éifeacht ag na fodhlíthe seo maidir leis an gceantar laistigh de theorainn riaracháin Chomhairle Contae Lú.   |
| <i>Léirmhíniú</i>     | 4. | Beidh ag na focail agus na nathanna seo a leanas i ngach cuid de na fodhlíthe seo an míniú a thugtar dóibh anseo thíos, ach amháin má chiallaíonn siad a mhalairt sa chomhthéacs, mar shampla:- |

(a) Ciallaíonn “*Comhairle Contae Lú*” údarás áitiúil Chomhairle Contae Lú

(b) Áirítear ar “*Áit Phoiblí*” –

- (i) aon bhóthar poiblí, cosán nó bóthar,
- (ii) aon mhórbhealach
- (iii) aon reilig, séipéal, clós séipéil nó cúirtealáiste aon séipéil,
- (iv) aon áitreabh, siúlán, páirc phoiblí, spás oscailte poiblí, áit lasmuigh, nó áit eile a bhfuil teacht ag an bpobal air nó ar ceadmhach dóibh dul isteach ann, cibé de cheart nó mar threaspasóir nó eile, nó le cead sainráite nó iontuigthe, nó cibé ar íocaíocht nó eile, agus
- (v) aon urthrá, trá nó uiscí cósta laistigh nó sínte le limistéar riaracháin Chomhairle Contae Lú.

**5.(1)** Aon duine atá i gceannas ar mhadra, iompróidh sé/sí i gcónaí, agus cleachtadh á thabhairt don mhadra in aon áit phoiblí, gabhdáin oiriúnacha chun cac madra a bhaint agus a dhiúscairt láithreach tar éis don mhadra é a thaisceadh. Beidh an gabhdán agus gabhdán athsholáthair ar fáil lena scrúdú ag duine údraithe ar iarratas. Samplaí de gabhdáin oiriúnacha is ea málaí plaisteacha, málaí páipéir agus sluaistíní caca.

- 5.(2)** I gcás ina n-úsáidtear bosca bruscair poiblí nó gabhdán comhchosúil chun an cac a chur isteach ann, ní mór an cac a bheith fillte i bpáipéar nó fillte ar shlí a chiallóidh nach mbeidh aon teagmháil ag an gcac leis an mbosca bruscair.
- 6.(1)** Aon duine a thabharfaidh cleachtadh do mhadra nó do mhadraí in áit phoiblí, beidh an madra/madraí ar iall agus faoi smacht cuí i gcónaí.
- 7.(1)** Is éard a thuigtear le daoine údaraithe comhaltaí den Gharda Síochána, Maor Pobail, Maor Bruscair, Maor Madraí, agus aon duine cuí-údaraithe eile.
- 7.(2)** Duine a dhéanann coir faoin bhfodhlí seo, dlífeair fíneáil air ar é a chiontú go hachomair. Is é €150 an fhíneáil i gcás aon cheann de na cionta thuas.
- 8.(1)** Má tá údar réasúnta ag Maor Pobail, Maor Madraí, comhalta den Gharda Síochána, nó ag duine údaraithe le creidiúint go bhfuil cion á dhéanamh ag duine éigin nó gur rinneadh cion faoin bhfodhlí seo, féadfaidh siad fógra a thabhairt don duine sin san fhoirm fhorordaithe, ina ndéarf an méid seo a leanas:
- (a) go líomhnaítear gur rinne an duine an cion,
  - (b) go bhféadfaidh an duine, le linn thréimhse 21 lá ag tosú ar dháta an fhógra, €150 d'íocaíocht a dhéanamh leis an údarás áitiúil atá sonraithe san fhógra seo, agus an fógra a chur ag gabháil leis, agus
  - (c) nach dtionscnófar ionchúiseamh i dtaca leis an gcion líomhnaithe le linn na tréimhse atá sonraithe san fhógra, agus má dhéantar an íocaíocht atá sonraithe san fhógra laistigh den tréimhse sin, ní thionscnófar aon ionchúiseamh maidir leis an gcion líomhnaithe.
- 8.(2)** I gcás ina dtugtar fógra faoi *fho-roinn (1)*
- (a) féadfaidh duine a mbaineann an fógra leis/léi, le linn na tréimhse atá sonraithe san fhógra, an íocaíocht atá sonraithe san fhógra a dhéanamh leis an údarás áitiúil atá sonraithe san fhógra, agus an fógra a chur ag gabháil leis,
  - (b) glacfaidh an t-údarás áitiúil an íocaíocht agus eiseofar admháil maidir léi agus is féidir an t-airgead a íoctar ar an tslí seo a choimeád le caitheamh de réir an Achta seo, agus ní bheidh aon íocaíocht a fhaightear ar an tslí seo in-aisghabhála, i gcás ar bith, ag an té a rinne é, agus

(c) ní thionscnófar ionchúiseamh i dtaca leis an gcion líomhnaithe le linn na tréimhse atá sonraithe san fhógra, agus má dhéantar an íocaíocht atá sonraithe san fhógra laistigh den tréimhse sin, ní thionscnófar aon ionchúiseamh maidir leis an gcion líomhnaithe.

**8.(3)** In ionchúiseamh maidir le cion dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*, is ar an gcúisí a bheidh an t-ualach chun a thaispeáint gur rinneadh íocaíocht de bhun fógra faoin alt seo.

**9.(1)** Duine atá ciontach as cion faoin Acht seo, dlífead fíneáil nach mó ná €1,900 air ar é a chiontú go hachomair.

**Curtha i gcrích faoi Shéala Oifigiúil Chomhairle Contae Lú**

**I LÁTHAIR nuair a greamaíodh Séala Oifigiúil Chontae Contae Lú**

**Cathaoirleach nó Comhairle Tofa \_\_\_\_\_ Dáta \_\_\_\_\_**

**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin \_\_\_\_\_ Dáta \_\_\_\_\_**

**Oifigeach Riaracháin \_\_\_\_\_ Dáta \_\_\_\_\_**

